C/2026/3580

13.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3580)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Pago de Otazu’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0184-AM02 — 22.4.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Pago de Otazu’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia, Ard-Stiúrthóireacht um Bia, Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC Pago de Otazu; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d’aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis; níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

LEASÚ AR AN TUAIRISC ORGÁNAILEIPTEACH AR NA FÍONTA

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Is é is aidhm don leasú feabhas a chur ar shoiléireacht, ar shainiúlacht agus ar oibiachtúlacht na dtuairisceoirí orgánaileipteacha le haghaidh gach cineáil fíona ag na céimeanna éagsúla measúnaithe (cuma, dea-bholadh agus blas). Cuirfidh sé sin feabhas ar a measúnú trí phainéil bhlaiste de réir chaighdeán UNE-EN ISO/IEC 17025.

Baineann an leasú le pointe 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 7 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

MIONSONRAÍ A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc

Glacadh an deis sonraí teagmhála an údaráis inniúil agus an chomhlachta tharmligthe a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge; ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Pago de Otazu’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0184-AM02 — 22.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Pago de Otazu’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala tirime agus fíonta dearga

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Saintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta geala a dhéantar as an gcineál fíniúna gile

(a) Fíon geal óg: dath idir buíghlas agus buí ar dhath na tuí, agus imireacha órga air b’fhéidir. Glé agus geal.

(b) Fíon geal a choiptear i mbairillí: dath idir buí nó buíghlas agus buí ar dhath na tuí, nó dath órga air fiú; glé agus geal.

Tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta dearga a dhéantar as na cineálacha fíniúna deirge

(a) Fíonta dearga óga: dath caordhearg orthu, agus b'fhéidir imreacha corcairghorma orthu. Glé agus geal.

(b) Fíonta dearga a aosaítear i mbairillí: caordhearg le drithlí ar dhath an ghairnéid, agus b'fhéidir imireacha de dhath an rúibín nó de dhath donnrua orthu fiú de thoradh aosú in adhmad. Glé agus geal.

Dea-bholadh

Saintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta geala a dhéantar as an gcineál fíniúna gile

(a) Fíon geal óg: sólaiste an chineáil; torthaí bána, torthaí citris nó dea-bholaithe bláthacha an chineáil. Mionbholaithe a thugtar amach trí aosú in adhmad, má úsáideadh adhmad.

(b) Fíon geal a choiptear i mbairillí: fíneáltacht an chineáil; torthaí bána, torthaí citris nó dea-bholaithe bláthacha. Mionbholaithe a thugtar amach trí aosú in adhmad.

Tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta dearga a dhéantar as na cineálacha fíniúna deirge

(a) Fíonta dearga óga: saintréith úr agus torthaíoch le himireacha de thorthaí dearga agus dubha den chuid is mó, agus b'fhéidir sméar dhubh.

(b) Fíonta dearga a aosaítear i mbairillí: boladh galánta agus deas láidir, de thorthaí den chuid is mó. Mionbholaithe adhmaid, uaireanta le miondifríochtaí spíosracha. Casta agus cothrom.

Blas

Saintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta geala a dhéantar as an gcineál fíniúna gile

(a) Fíon geal óg: maothlach sa bhéal, comhchuí, deas (cothrom). Torthaíoch. Mionbholaithe a thugtar amach trí aosú in adhmad, má úsáideadh adhmad.

(b) Fíon geal a choiptear i mbairillí: bog (idir tathag measartha agus tathag iomlán), galánta agus maothlach (cothrom), casta. Mionbholaithe a thugtar amach trí aosú in adhmad.

Tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta dearga a dhéantar as na cineálacha fíniúna deirge

(a) Fíonta dearga óga: Úr, mín (cothrom) agus bog sa bhéal (idir tathag measartha agus tathag iomlán).

(b) Fíonta dearga a aosaítear i mbairillí: taitneamhach agus galánta (cothrom), deas sa bhéal (idir tathag measartha agus tathag iomlán), agus iad go léir tugtha amach trí aosú in adhmad. Saintréith thorthaíoch.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	12,5
Aigéadacht iomlán íosta	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	10,83
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

— < 10,83 meq/l i gcás fíonta óga

— < 14,17 meq/l i gcás fíonta aosaithe.

Dé-ocsaíd sulfair iomlán:

— < 125 mg/l i gcás fíonta dearga

— < 150 mg/l i gcás fíonta geala.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

CLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Is í an uastáirgeacht eastósctha 71 lítear fíona in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora.

Ní fhéadfar fad an phróisis aosaithe a ríomh, in imthosca ar bith, ón 1 Deireadh Fómhair de bhliain na buainte.

Cleachtas fíoneolaíoch

MODHANNA FÁIS

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

Is é ar a laghad 2 400 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandaithe.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

I gcás gach cineáil:

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	6 500
Aonad uastáirgeachta	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

I gcás gach cineáil:

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	46,15
Aonad uastáirgeachta	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— CABERNET SAUVIGNON

— CHARDONNAY

— MERLOT

— TEMPRANILLO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tá na fíonghoirt suite in Abhantrach Pamplona agus sa cheantar timpeall phríomhchathair Navarra. Tá an limistéar suite ar bhruach clé Abhainn Arga, a shreabhann ón oirthear go dtí an t-iarthar, ó dheas ón abhainn féin. Tá teorainn aige ó dheas le bunchnoic mhasaíf Sierra del Perdón agus san iarthar le masaíf Sierra de Sarbil.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Go bunúsach, is í an timpeallacht gheografach uathúil is cúis le cáilíocht na bhfíonta. Tá an limistéar suite sa ghleann ina bhfuil masaífí Sierra de Sarbil agus Sierra del Perdón, agus tá aeráid Mheánmhara ann a bhfuil tionchair láidre Atlantacha aici. Tá na hithreacha doimhne clochacha an-cailcreach, alcaileach agus tá siad go dona in ábhar orgánach, le huigeacht dhúrabhánach agus cothaithigh theoranta ar fáil go nádúrtha. Tagann saintréithe na hithreach agus an aeráid Mheánmhara le chéile chun dea-aibiú a áirithiú, agus áirithíonn tionchair an Atlantaigh agus suíomh na bhfíonghort ag bun an ghleanna timthriall fáis atá fada go leor chun aigéadacht, dath agus cothromaíocht a thabhairt do na fíonta.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Ní mór an t-ainm Vino de Pago de Otazu a thaispeáint go soiléir ar lipéadú an táirge.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

www.PCDOPOTAZU25.navarra.es